Comórtas do phost mar
Cuntóir Seóthaispeántais agus Imeachtaí
(Conradh 4 bliana ar Thérma Seasta)

(Cultúr Éireann)
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Ráiteas Príobháideachais

Déanann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoirseacht ar chosaint agus ar chur i láthair shócmhainní cultúir na hÉireann.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideacht a chosaint agus a urramú. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a dhéanfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a thugtar di a phróiseáil i ndáil leis an gComórtas don phost mar Cuntóir Seóthaispeántais agus Imeachtaí sa Roinn; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus na cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Cuspóirí na próiseála
Úsáidfidh an Roinn do chuid sonraí chun an próiseas roghnúcháin agus sannta a éascú don chomórtas dá dtagraítear thuas. Ní dhéanfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha ar bith seachas an cuspóir ar bailíodh iad ina leith.

Próifíliú
Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i ndáil leis an gcomórtas seo le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, ná chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na Próiseála
Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1) (c) de Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE agus, inter alia, faoin reachtaíocht intíre seo a leanas –

- Alt 17 d'Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 – 2005 (CSRAnna)
- Alt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 (PSMA)
- An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2012

Slándáil do shonraí pearsanta
Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun do chuid faisnéise a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, níl aon bhearta slándála foirfe ná dodhéanta, agus ní féidir aon mhodh tarchuir sonraí a ráthú i gcoinne tascradh ná aon chineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i mbaol mar gheall ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáraithe na Roinne i bhfeidhm.

Faighteoirí na sonraí
Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla eile, le gníomhaireachtaí eile faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe ina bhforáiltear dó sin faoin dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann
Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear maidir leis an gcomórtas seo chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cá fhad a choimeádfar do chuid sonraí?
Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh agus a próiseáladh iad.
I gcomhréir leis na ceanglais reachtacha agus ghnó, seo a leanas an tréimhse choinneála sonraí le haghaidh do shonraí pearsanta: I gcás iarratasóirí ar éirigh leo, aistreofar na sonraí sin chuig comhad acmhainní daonna an iarratasóra a choinnítear ar feadh tréimhse a bhfostaíochta móide 7.5 bliana. I gcás iarratasóirí nár éirigh leo, coinneofar sonraí go dtí go rachaidh an painéal a cruthaíodh i ndiaidh chríochnú an chomórtais in éag.

Do chearta
Tá **Beartas Cosanta Sonraí na Roinne**, ina leagtar amach mar a bhainfimid úsáid as do chuid sonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis an gceart rochtana, an ceart ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil, an ceart agóid a dhéanamh) ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Tá an beartas ar fáil freisin i gcóip chrua ach é a iarraidh. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Teagmháil a dhéanamh linn
Má tá tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, déan teagmháil le **hOifigeach Cosanta Sonraí** na Roinne, tá na sonraí thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 TD30

Fón: 01 631 3800

Ríomhphost: data.protection@tcagsm.gov.ie